| RABHADH<br>CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna. |
|---|

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞ |                |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2016

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

**DÉARDAOIN 16 MEITHEAMH - MAIDIN 9:30 go 12:30**

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **Ocht** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre** cheist as **ROINN 3** mar seo a leanas:
Ceist **Amháin** as **Cuid 1**,
**Dhá** cheist as **Cuid 2**
**agus** ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an áireamháin a úsáideadh:**

| NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3 |
|---|

# ROINN 1

**(80 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Ná déan dearmad an ceistpháipéar seo a chur ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** I gcomhthéacs an ghnó, cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.) Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann chuige sin.

| | |
|---|---|
| ÚFT (*IDA*) | |
| CPT (*PLC*) | |
| GBM (*SME*) | |
| TAI (*ROI*) | |
| POF (*CEO*) | |

**2. (a)** Sainmhínigh an téarma **díospóid trádála**.

______________________________________________

______________________________________________

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shórt de ghníomhaíocht thionsclaíoch oifigiúil atá ar fáil d'fhostaithe atá i mbun díospóid thionsclaíoch le fostóirí.

(i)______________________________________________

______________________________________________

(ii)______________________________________________

______________________________________________

**3**. Scríobh **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| | |
|---|---|
| **1.** Tagraíonn boilsciú don ísliú ar an gcostas maireachtála ó bhliain go bliain. | |
| **2.** Bíonn tionchar diúltach ag méadú i luach an euro (€) i gcoinne Steirling (£) ar easpórtálacha na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe. | |
| **3.** Is é an toradh a bhíonn ar laghdú sa dífhostaíocht ná méadú ar ioncam ÍMAT don Rialtas. | |
| **4.** Spreagann rátaí arda úis leathnú gnó. | |
| **5.** Comhartha ar chúlú eacnamaíochta is ea cor chun feabhais sa gheilleagar agus méadú ar éileamh. | |

**4.** Is liosta de théarmaí árachais atá i gcolún 1. Is liosta de mhíniúcháin ar na téarmaí sin atá i gcolún 2. (*Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí seo.*)

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Colún 1: Téarmaí | Colún 2: Míniúcháin |
|---|---|
| 1. Leas Inárachais | A. Tagann sé i gceist má tá árachas ar an earra in aghaidh an riosca chéanna le níos mó ná cuideachta árachais amháin. |
| 2. Clásal Caillroinnte | B. Ní féidir leis an árachaí brabús airgid a dhéanamh as árachas. |
| 3. Seachaíocht | C. Ní mór go mbainfeadh an t-árachaí leas as an earra a bheith ann agus go mbeadh caillteanas airgid i gceist don árachaí dá gcaillfí é. |
| 4. Ranníocaíocht | D. Tagann sé i gceist nuair a bhíonn earra gann ar árachas agus go dtarlaíonn páirtchaillteanas. |
| 5. Slánaíocht | E. Ní mór don árachaí gach fíric ábhartha faoin earra atáthar á chur faoi árachas a chur in iúl. |
| | F. Chomh luath agus a íoctar cúiteamh aistrítear aon cheart dlíthiúil ar an earra a athshlánaítear chuig an árachóir. |

**5.** **(a)** Bain úsáid as na figiúirí thíos chun **Cóimheas Fiachais/Cothromais (Giaráil)** Lalco Teo. do 2015 a ríomh. **(Taispeáin d'fhoirmle agus do chuid oibre.)**

| | |
|---|---|
| Cúlchistí | €130,000 |
| Iasacht Fhadtéarmach | €700,000 |
| Gnáth-Scairchaipiteal | €220,000 |

| **Foirmle:** | **Do chuid oibre:** |
|---|---|
| | |
| **Freagra:** | |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar cé acu atá giaráil ard nó giaráil íseal ag Lalco Teo. **agus** ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an toradh sin ar an ngnólacht.

**6.** Déan cur síos ar **dhá** ghné de jabtháirgeadh.

(i)

(ii)

**7.** **(a)** Cuir isteach na figiúirí atá ar iarraidh sna trí bhosca nach bhfuil scáthaithe sa tábla thíos.

| Easpórtálacha Sofheicthe (€bn) | Iompórtálacha Sofheicthe (€bn) | Comhardú na Trádála (€bn) |
|---|---|---|
| €70 | €105 | |
| €90 | | Barrachas €25 |
| | €110 | Easnamh €30 |

**(b)** Mínigh an téarma **easpórtálacha dofheicthe** agus tabhair sampla **amháin** a bhaineann le geilleagar na hÉireann.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Sampla**__________________________________________________________

**8.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh chun fad a chur le saolré táirge agus tabhair sampla **amháin** chun do fhreagra a léiriú.

(i)_____________________________________________________________

______________________________________________________________________

(ii) ____________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Sampla** _________________________________________________________

______________________________________________________________________

**9.** Déan idirdhealú idir Cáin Bhreisluacha (CBL) agus Cáin Chorparáide.


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**10.** Sonraíonn an tsreabhchairt ról na n-institiúidí a bhfuil baint acu le próiseas cinnteoireachta an AE.
Líon isteach ainmneacha na dtrí institiúid éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh ag (A), (B) agus (C) thíos.




**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN BhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

# ROINN 2
**(80 marc)**
**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 3, 4 agus 5**

**CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH**

## Digibhranda



Rinne Rian Ó Cuilinn staidéar ar an Margaíocht, an Nuálaíocht agus an Teicneolaíocht mar chuid dá chéim in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU). Sa tríú bliain dá chuid staidéir, bhunaigh sé Digibhranda, gníomhaireacht mhargaíochta digití a bhí ag forbairt feachtais mhargaíochta do ghnólachtaí. Bhain sé feidhm as meáin dhigiteacha agus leictreonacha de chineálacha éagsúla, an t-idirlíon, Facebook agus Twitter mar shampla, chun tomhaltóirí a aimsiú. I dtús báire, reáchtáil Rian a ghnó in TeicSpás, spás oifige comhroinnte i bhfoirgneamh i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ag roinnt an spáis oifige le deichniúr fiontraithe a raibh an dearcadh céanna acu. D'íoc siad €300 an duine in aghaidh na deisce gach mí. Bhí teacht láithreach ag Rian, ar phraghas a bhí sé in acmhainn a íoc, ar áiseanna mar leathanbhanda ardluais, slándáil agus seomraí cruinnithe.

Sa dara bliain dó i mbun gnó, fuair Rian níos mó tionscadal ná mar a bhí sé ábalta a láimhseáil, agus mar sin chuaigh sé i bpáirt le beirt a bhí in aon rang leis, Sinéad Nic Daibhéid agus Marc Ó Raghallaigh. Thairg Rian coimisiún céatadánach dóibh ar gach tionscadal ar oibrigh siad air, agus mhol sé ardchaighdeán a gcuid oibre i rith an ama. Go daonlathach a rinne cinntí. Spreag Rian iad go rialta moltaí a dhéanamh faoi dhearaí agus fuair sé a dtuairimí i gcónaí sular chríochnaigh sé dearadh suíomh gréasáin, ábhar margaíochta do na meáin shóisialta nó lógó do chliaint in earnálacha éagsúla den tionsclaíocht. Sa tráthnóna, tar éis coláiste, bhain Rian úsáid as Skype chun tuairimí a roinnt leis an bhfoireann agus d'úsáid sé an ríomhphost chun dearaí agus grafaicí a sheoladh idir gach ball den fhoireann. Chuir Rian an fhreagracht as tionscadal mór ar Shinéad, mar gur chreid sé go raibh ar a cumas feachtas margaíochta a bheadh an-nuálach a chruthú. Nuair a bhain sé a chéim amach, shocraigh Rian díriú go hiomlán ar an ngnólacht agus thosaigh Sinéad agus Marc ag obair go lánaimseartha dó.

Bhí Digibhranda ag fáil níos mó cliant. B'éigean do Rian athlonnú i bhfoirgneamh eile mar theastaigh uaidh a spás oifige a leathnú agus cur leis an ngnólacht. Rinne sé taighde maidir le hoifig a fháil ar cíos i bpáirc ghnó seachas foirgneamh a cheannach. Fuair sé amach go dteastódh airgead uaidh, chun cíos trí mhí a íoc roimh ré, chomh maith le trealamh agus troscán oifige. Cosúil le formhór na ngnólachtaí beaga nuathionscanta, bhí airgead gann agus bhí Rian ag iarraidh fiacha ollmhóra a sheachaint. Bhí air a chinntiú go ndéanfadh sé a chaipiteal oibre a bhainistiú. Bhí air iarracht mhór a dhéanamh íocaíocht a fháil go tapa ar obair a rinne sé do na cliaint sa chaoi go bhféadfadh sé pá a íoc chomh maith leis na costais éagsúla a bhí air ó lá go lá. Bhí méadú 20% ar an meán ag teacht ar an mbrabús in aghaidh na bliana agus d'athinfheistigh Rian an brabús sa ghnólacht.

Tar éis ceithre bliana a bheith caite sa ghnó aige, bhí Rian an-phaiseanta fós faoi Dhigibhranda. Bhí bunachar maith cliant aige in Éirinn. Bhí Rian ag iarraidh an luas agus an móiminteam seo a choinneáil suas. Lean sé air ag baint leasa as tacaíochtaí éagsúla, ina measc scéim deontas Fhiontraíocht Éireann i leith na gcostas a bhain le T&F. Ag Cruinniú Mullaigh an Ghréasáin i mBaile Átha Cliath in 2015, tháinig MediaMania chun cainte le Rian. I Londain atá MediaMania lonnaithe, tá siad ar na príomhghníomhaireachtaí sa mhargaíocht dhigiteach agus díríonn siad go hiomlán ar earnáil an mhiondíola sa Ríocht Aontaithe. Tá MediaMania ag pleanáil a ngnó a leathnú lasmuigh den Ríocht Aontaithe agus tá suim acu i gcumasc a dhéanamh le Digibranda. Ní raibh Rian cinnte d'iarmhairtí cumaisc le gnólacht eile ag an am sin, agus dá bhrí sin, bhí cruinniú aige le Sinéad agus le Marc chun a dtuairimí siúd ar an tairiscint a fháil.

**(A)** Tá scileanna éifeachtacha bainistíochta forbartha ag Rian Ó Cuilinn. An aontófá leis an ráiteas sin? Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna le do fhreagra, agus bíodh tagairt agat i do fhreagra don téacs thuas.

(30 marc)

**(B)** (i) Sainaithin agus déan cur síos ar na foinsí airgeadais is oiriúnaí d'athlonnú Dhigibhranda. (Déan tagairt i do fhreagra d'fhoinsí gearrthéarma, meántéarma agus fadtéarma airgeadais.)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht atá le réamhaisnéis sreafa airgid a ullmhú do Digibhranda.

(30 marc)

**(C)** (i) Déan plé ar dheis **amháin** agus ar bhagairt **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ann do Digibhranda dá ndéanfaidís **cumasc** le MediaMania.

(ii) Déan measúnú ar mhodh **amháin** eile a bhféadfadh Rian smaoineamh air chun a ghnólacht a fhás.

(20 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus
ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# Cuid 1
# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

**Daoine sa Ghnó**

**Ceist 1**

**(A)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le dífhostú **cóir**, faoi mar atá leagtha síos sna hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2007.

(ii) Mínigh an téarma **dífhostú inchiallaithe** agus tabhair **sampla** chun tacú le do fhreagra.

(20 marc)

**(B)** Is féidir conradh dleathach a fhoirceannadh le **comhlíonadh** sa chaoi go gcomhlíonann páirtithe an chonartha a gcuid oibleagáidí de réir mar a comhaontaíodh.
Tabhair breac-chuntas ar **trí mhodh eile** chun conradh dleathach a fhoirceannadh. (20 marc)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist ina dhiaidh.

> Chuir **an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (GNT** (*NCA i mBéarla*)**)**, ar a dtugtar anois an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT (*CCPC i mBéarla*)), tús le fiosrúchán faoin scannal a bhain le hastuithe mótarfheithiclí ag an déantóir carranna Volkswagen.

Déan measúnú ar fheidhmeanna an **GNT** (CICT) i dtaca le leas tomhaltóirí a chosaint. (20 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre**

**Ceist 2**

**(A)** *I gCáinaisnéis an Rialtais in 2016, ardaíodh an t-íosphá náisiúnta ó €8.65 go dtí €9.15, méadú 50 cent san uair.*
Déan plé ar na slite éagsúla a dtéann Rialtas na hÉireann i bhfeidhm ar an lucht saothair in Eirinn.

(20 marc)

**(B)** Déan anailís ar na buntáistí **agus** ar na míbhuntáistí don saincheadúnaí a bhaineann leis an saincheadú mar rogha i gcás gnólachta nuathionscanta. (20 marc)

**(C)**

> Tagraíonn Freagracht Shóisialta Chorparáideach don chaoi a n-idirghníomhaíonn gnólachtaí ó lá go lá lena bpáirtithe leasmhara, infheisteoirí, fostaithe, soláthróirí, custaiméirí agus an rialtas.

Déan plé ar na freagrachtaí sóisialta atá ar ghnólacht i leith aon **ceithre** cinn de na páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas. (20 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta**

## Ceist 3

Léigh an cheannlíne nuachta seo thíos, agus freagair an cheist a leanas:

> **Tá sé in am stad de bheith ag brath ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI *i mBéarla*)– agus ár ngnóthaí dúchasacha féin a fhás ina ionad sin.**
>
> ***Foinse: Sunday Independent,* Samhain 2015**

**(A)** Cé chomh mór agus a aontaíonn tú leis an ráiteas thuas? Tabhair breac-chuntas ar chúiseanna le do fhreagra. (20 marc)

**(B)** Déan plé ar na dúshláin **mhargaíochta** a d'fhéadfadh a bheith roimh ghnó in Éirinn agus é ag trádáil ar fud an domhain, agus tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. (20 marc)

**(C)** Mínigh na téarmaí trádála idirnáisiúnta seo a leanas.
- (i) Geilleagar oscailte
- (ii) Bloc trádála
- (iii) Cosantas
- (iv) Dírialáil.

(20 marc)
**(60 marc)**

# ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

| **Fiontraíocht / Bainistíocht** |
|---|

**Ceist 4**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Óstán Mayfair**

Óstán cúig réalta i lár na cathrach is ea Óstán Mayfair atá ag ceiliúradh céad bliain i mbun gnó. Tá imeachtaí éagsúla á bpleanáil ag lucht bainistíochta an óstáin don cheiliúradh céad bliain seo. Mhol an Bainisteoir Ginearálta, Áine Nic Seáin, go ndéanfaí an fhoireann a eagrú i bhfoirne tionscadail éagsúla agus go mbeadh ceannaire tionscadail ann chun pleanáil don cheiliúradh céad bliain seo.

**(A)** Déan plé ar an gcaoi a bhféadfadh foireann an óstáin tréithe/scileanna fiontraíochta a chur i bhfeidhm chun na himeachtaí éagsúla a bhaineann leis an gceiliúradh céad bliain a fhorbairt. (20 marc)

**(B)** Déan measúnú ar an tslí a gcuireann cineálacha éagsúla pleanála leis an rath ó thaobh cúrsaí gnó de. Bíodh baint ag do fhreagra le hÓstán Mayfair agus aon bhoinn tuisceana atá cuí á gcur san áireamh agat. (20 marc)

**(C)** Déan plé ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin do ghnólacht a bhaineann le struchtúr maitríse eagraíochta (struchtúr foirne) a fhorbairt chun tionscadail faoi leith a chur i gcrích i ngnólacht. (20 marc)

**(60 marc)**

| **Bainistíocht** |
|---|

**Ceist 5**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**OLLSÁBHÁIL**

Tá Ollsábháil, sraith ollmhargaí atá suite san iardheisceart, ag smaoineamh ar a gcóras IT a nuashonrú chun a gcuid siopaí ar fad a nascadh le chéile agus chun a gcuid oibríochtaí go léir a nuachóiriú. Tá sé ar intinn acu clár nua um Dhearbhú Cáilíochta a chur i bhfeidhm ina gcuid siopaí uile. Tá siad ag smaoineamh chomh maith ar fheachtas mór earcaíochta a thosú.



**(A)** Déan plé ar na buntáistí do ghnólacht mar Ollsábháil a bhaineann le hearcaíocht inmheánach **agus** le hearcaíocht sheachtrach le haghaidh poist bhainistíochta. (20 marc)

**(B)** Déan anailís ar an tionchar a bhíonn ag an nuatheicneolaíocht ar chostais ghnó agus ar dheiseanna gnó. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. (20 marc)

**(C)** (i) Mínigh an téarma **dearbhú cáilíochta** mar chuid de Bhainistíocht Lánchháilíochta (BLC).
(ii) Déan cur síos ar na buntáistí a bhíonn ann do ghnólacht as caighdeán comhartha cáilíochta aitheanta a bhaint amach. (20 marc)

**(60 marc)**

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 6**

**MEDRON cpt**

Déanann Medron cpt gairis leighis agus tá a roinn T&F ag obair faoi láthair ar fhréamhshamhail d'fheadán a úsáidfear sa mháinliacht shoithíoch.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a ndéanann gnólachtaí fréamhshamhlacha a fhorbairt.

(15 mharc)

**(B)** Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Tá an t-eolas airgeadais seo a leanas curtha ar fáil ag Medron cpt maidir leis an ngaireas leighis nua:

| | |
|---|---|
| Aschur tuartha (Díolacháin) | 60,000 aonad |
| Praghas Díola in aghaidh an aonaid | €30 |
| Costais Sheasta | €400,000 |
| Costais Athraitheacha in aghaidh an aonaid | €20 |

Léirigh iad seo a leanas le cairt mheá ar mheá:

(i) An pointe meá ar mheá
(ii) An lamháil sábháilteachta ar an aschur tuartha
(iii) An brabús ar an aschur tuartha.

(25 marc)

**(C)** I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chostais, laghdaigh Medron cpt a chuid costas athraitheach in aghaidh an aonaid **go dtí** €10.

(i) Déan an pointe meá ar mheá nua a ríomh **agus**, ar do chairt mheá ar mheá, léirigh líne nua na gcostas iomlán ($CI_2$) agus an pointe nua meá ar mheá ($MM_2$).

(ii) Tabhair breac-chuntas ar theorainn **amháin** a bhaineann le hanailís mheá ar mheá nuair a bhíonn cinntí gnó á ndéanamh.

(20 marc)
**(60 marc)**

**Tá CEIST 7 ar an gcéad leathanach eile.**

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 7**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Fuáil Ghasta**

Gnólacht is ea Fuáil Ghasta a bhunaigh Alex Ó Duinn i dtús báire chun éadaí a athchóiriú, gúnaí a athdhearadh agus chun deisiúcháin a dhéanamh. Tá borradh tagtha faoin ngnó agus tá Alex den tuairim go bhfuil sé in am a straitéis mhargaíochta a uasdátú. Tar éis taighde margaidh a dhéanamh, chuir Alex tús le seirbhís tirimghlanta. Tá roinnt iomaitheoirí sa mhargadh agus mar sin shocraigh Alex athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid polasaithe praghsála agus tionscnaimh dhíolacháin. Creideann Alex go mbeidh air athbhrandáil a dhéanamh ar an ngnólacht mar thoradh ar an tseirbhís thirimghlanta a bheith tugtha isteach aige.



**(A)** (i) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na míbhuntáistí a bhaineann le teicnící taighde tánaisteacha (deisce) a úsáid nuair a bhíonn eolas ar margadh á bhailiú.

(ii) Léirigh foinse **amháin** de thaighde deisce **agus** foinse **amháin** de thaighde allamuigh a d'fhéadfadh Fuáil Ghasta a úsáid, agus tabhair cúis le do fhreagra i n**gach** cás.

(25 marc)

**(B)** Déan measúnú ar na teicnící chun díolacháin a chur chun cinn a bhféadfadh Alex smaoineamh orthu chun díolacháin a mhéadú. (15 mharc)

**(C)** Déan plé ar na buntáistí a bhaineann le brandáil mar uirlis mhargaíochta le haghaidh gnólachta agus tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. (20 marc)

**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

Leathanach Bán

Leathanach Bán